Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2026
(OR. en)

15545/26

COHAFA 92
ALIM 13
FIN 1586
COJUR 60
DEVGEN 183
GENDER 168
CONUN 215
SUSTDEV 94
RELEX 1483

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ‘Luachanna a chosaint, athchóiriú a spreagadh, tionchar a imirt: gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais in ord domhanda atá ag athrú’ - Conclúidí ón gComhairle (an 9 Samhain 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ‘Luachanna a chosaint, athchóiriú a spreagadh, tionchar a imirt: gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais in ord domhanda atá ag athrú’ mar a formheasadh iad ag an 4206ú cruinniú den Chomhairle an 9 Samhain 2026.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LEIS AN TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA AGUS CHUIG AN GCOMHAIRLE 'LUACHANNA A CHOSAINT, ATHCHÓIRIÚ A SPREAGADH, TIONCHAR A IMIRT: GNÍOMHAÍOCHT DHAONNÚIL AN AONTAIS IN ORD DOMHANDA ATÁ AG ATHRÚ'

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach nua ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais in ord domhanda atá ag athrú[1], atá bunaithe ar thrí Cholún: 1) Cosaint, 2) Seachadadh, agus 3) Comhpháirtí; agus tugann sí dá haire na Doiciméid Inmheánacha Oibre a ghabhann léi[2]. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an méadú atá ag teacht ar líon, ar fhad agus ar chastacht na ngéarchéimeanna daonnúla atá ann le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil cabhair dhaonnúil de dhíth ar na céadta milliún duine.

2. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil[3] agus Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil[4]. Tráth a bhfuil timpeallacht an chistithe dhaonnúil dhomhanda fós faoi bhrú mór, agus ina bhfuil an chabhair dhaonnúil ag éirí níos polaitithe, is díol sásaimh don Chomhairle uaillmhian an Aontais Eorpaigh leanúint de bheith ina dheontóir iontaofa intuartha. Tá an tAontas agus a Bhallstáit, arb iad an deontóir daonnúil is mó ar domhan iad, tiomanta i gcónaí an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) a chosaint agus cúnamh daonnúil atá bunaithe ar riachtanais agus atá dírithe ar an duine a sholáthar, agus bunphrionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais mar bhonn taca leis; mar aon le beatha daoine a shábháil, daoine atá buailte ag géarchéimeanna a chosaint agus dínit an duine a chaomhnú le linn na ngéarchéimeanna is tromchúisí.

---

1 9828/26
2 9828/26 ADD1, 9828/26 ADD 2, 9828/26 ADD 3
3 IO C 25, 30.1.2008, lch. 1.
4 IO L 163, 2.7.1996, lch. 1.

3. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta, in éineacht le heagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus náisiúnta agus gníomhaithe daonnúla áitiúla, maidir le cabhair dhaonnúil éifeachtach a chomhordú, a sholáthar agus a chothú ina gcomhthéacs féin trí eolas áitiúil a ghiaráil, comhar a chothú, agus a áirithiú go sroichfidh an chabhair na pobail i gceist go héifeachtúil agus go cothrom.

4. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar ról bunriachtanach comhordúcháin agus cur chun feidhme na Náisiún Aontaithe maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna daonnúla[5] agus leagann sí béim ar an bhForléargas Daonnúil Domhanda mar thagairt choiteann don chinnteoireacht dhaonnúil riachtanaisbhunaithe a dhéanann an tAontas agus a Bhallstáit. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá an tAthshocrú Daonnúil, agus próisis athchóirithe NA80 agus an Mhargaidh Mhóir a chur chun feidhme agus a chur i gcrích go tráthúil agus go cuimsitheach, mar bhonn do chóras daonnúil níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos cuntasaí.

5. Maidir leis an gColún Cosanta, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ionstraimí daonnúla, polaitiúla, eacnamaíocha, slándála agus taidhleoireachta an Aontais a ghiaráil go hiomlán chun cabhrú le géarchéimeanna daonnúla a chosc, a mhaolú agus freagairt orthu, agus cur chuige prionsabálta á chaomhnú. Formhuiníonn an Chomhairle an bhéim láidir ar chur chuige Fhoireann na hEorpa chun borradh a chur faoin taidhleoireacht dhaonnúil chomhordaithe faoi stiúir an Aontais chun tacú le hiarrachtaí daonnúla iltaobhacha. Le cur chuige Fhoireann na hEorpa, ba cheart leas a bhaint as láidreachtaí an Aontais agus a Bhallstát faoi seach agus ba cheart é a chur chun feidhme trí chomhordú méadaithe le hIonadaithe Speisialta an Aontais, le toscairí speisialta an Aontais agus le cinn mhisin, agus i gcás inarb iomchuí trí phointí fócasacha taidhleoireachta daonnúla a cheapadh.

[5] 8966/21

6. Meabhraíonn an Chomhairle an oibleagáid DDI a urramú agus a áirithiú go n-urramófar i ngach cás é[6]. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais[7]. Ar an mbonn sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil ról ríthábhachtach ag taidhleoireacht dhaonnúil an Aontais maidir leis an spás daonnúil a chosaint, lena n-áirítear trí rochtain dhaonnúil iomlán, shlán, phras agus gan bhac a chur chun cinn, agus trí thacú le cosaint na sibhialtach uile, lena n-áirítear pearsanra daonnúil agus leighis. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle obair an Tionscnaimh Dhomhanda chun dlús a chur leis an Tiomantas Polaitiúil don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta[8].

7. Is cúis mhór imní don Chomhairle an méadú scanrúil córasach atá tagtha ar sháruithe i réimse an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, agus normalú méadaitheach na sáruithe sin, agus meabhraítear di gur gá cosaint a chur i gcroílár na gníomhaíochta daonnúla, i gcomhréir le conclúidí 2024 ón gComhairle maidir le cosaint i suíomhanna daonnúla[9]. Is cúis imní don Aontas go bhfuil airm phléascacha á n-úsáid go neamh-idirdhealaitheach i limistéir a bhfuil daonra mór iontu, lena n-áirítear dróin agus córais arm uathrialaitheacha agus an tionchar atá ag an úsáid sin ar shibhialtaigh agus ar nithe sibhialta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an méid seo a leanas: ní mór do na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí armtha gach beart réamhchúraim is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar sibhialtaigh agus nithe sibhialtacha le linn coinbhleachta; ní mór dóibh an phríomhoibleagáid a ghlacadh as freastal ar riachtanais an phobail atá faoina smacht; agus ní mór do gach Stát agus gach páirtí i gcoinbhleachtaí armtha a n-oibleagáid a urramú chun faoiseamh daonnúil a cheadú agus a éascú go pras, go slán agus gan bhac. Aithníonn an Chomhairle freisin na dúshláin a bhaineann leis an mbréagaisnéis agus le hionramháil faisnéise a bhaineann an bonn den urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus a mhéadaíonn na rioscaí do phearsanra daonnúil agus leighis.

---

6 14487/19, mar a bhunaítear in Airteagal 1 coiteann de cheithre Choinbhinsiún na Ginéive

7 Mar a chuirtear in iúl i dTreoirlínte an Aontais maidir le Comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a Chur Chun Cinn 04_hr_guidelines_humanitarian_en_0.pdf

8 https://www.icrc.org/en/global-initiative-international-humanitarian-law

9 9736/24

8. Tá an tAontas an-tiomanta i gcónaí an tsaoirse ó phionós a chomhrac i gcás na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí agus meabhraítear dó, i gcomhréir le Coinbhinsiúin na Ginéive, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Stáit uile imscrúdú a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad sárú tromchúiseach ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus más iomchuí, iad a ionchúiseamh nó a eiseachadadh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht bhuanseasmhach don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i dtaca leis an ról ríthábhachtach atá aici i gcomhrac na saoirse ó phionós i gcás na gcoireanna is tromchúisí arb údar imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta trí chéile. Molann an Chomhairle go ndéanfaí comhar idirnáisiúnta maidir le coireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé ceartas a thabhairt do gach íospartach.

9. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí sábháilteacht agus slándáil an phearsanra dhaonnúil a fheabhsú agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí feabhsaithe a leagadh amach sa Teachtaireacht, lena n-áirítear bunú an tsásra 'Protect Aid Workers'. Meabhraítear don Chomhairle gur thacaigh an tAontas agus a Bhallstáit leis an Dearbhú maidir le Pearsanra Daonnúil a Chosaint[7].

10. Cuireann an Chomhairle in iúl go neamhbhalbh go bhfuil sí tiomanta cabhair dhaonnúil an Aontais a úsáid chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine is leochailí, agus iad siúd is mó atá i mbaol idirdhealaithe, lena n-áirítear cineálacha iomadúla trasnacha. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn tionchar díréireach ar leanaí, lena n-áirítear iad siúd a mbaineann leochaileachtaí breise leo, agus go mbaineann rioscaí cosanta an-tromchúiseach dóibh le linn géarchéimeanna. Meabhraítear don Chomhairle Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha[10], arb iad creat beartais an Aontais iad maidir leanaí atá thíos le coinbhleacht a chosaint. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na leochaileachtaí sonracha atá ag daoine faoi mhíchumas agus na baic a bhíonn orthu maidir le rochtain a fháil ar chabhair dhaonnúil, agus béim á leagan aici ar a rannpháirtíocht i dtimthriall iomlán an chláir dhaonnúil. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta a bheith ina cuid lárnach de ghníomhaíochtaí ullmhachta, freagartha agus téarnaimh, ar bhonn ilearnála.

---

10 EEAS-EU-Guidelines-CAAC.pdf

11. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an méadú ar líon na gcásanna fíoraithe d'fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleachtaí, a mbíonn mná agus cailíní thíos leo go díréireach. Meabhraítear don Chomhairle go bhféadfadh foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht, a bheith ina gcoireanna cogaidh nó ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna faoin dlí idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta tacú leis na hiarrachtaí chun foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc, a mhaolú agus a fhreagairt, lena n-áirítear trí obair an Ghlao ar ghníomhaíocht maidir le cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe i gcásanna éigeandála[11]. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do Bhallstáit an Aontais oibriú go gníomhach chun comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear tacaíocht d'eagraíochtaí um chearta na mban. Molann an Chomhairle freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit freastal ar riachtanais chosanta na mban, na bhfear, na gcailíní agus na mbuachaillí uile trí chuir chuige atá solúbtha, oiriúnaitheach agus freagrúil ó thaobh coinbhleachta agus inscne de a chur chun feidhme i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil[12] agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil[13], agus tugann sí dá haire an tríú Plean Gníomhaíochta maidir le hInsnce ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí[14].

12. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas fós tiomanta do chearta sláinte gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith aige, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ghnéasacht agus lena shláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Ina theannta sin, cuireann an tAontas in iúl go neamhbhalbh go dteastaíonn i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe rochtain uilíoch ar fhaisnéis, ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

---

11 Call to Action - Protection from Gender-Based Violence in Emergencies | Join the Fight Against GBV in Crises

12 11031/19

13 14716/22 agus 15086/18

14 13343/20

13. Cáineann an Chomhairle go láidir úsáid an ocrais mar mhodh cogaíochta agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil an tsoláthair bia agus ar an míchothú. Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá sé cúnamh bia tarrthála a sholáthar, mar aon le rochtain ar uisce óil glan, chun tacú le feidhmiú na gcóras agus na margaí bia áitiúla nuair is féidir, sa chaoi is gur fearr a fhéadfaidh pobail a n-athléimneacht a chothú agus suaití a sheasamh amach anseo.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí aon tionchar diúltach neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag bearta sriantacha an Aontais ar ghníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta a mhaolú. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar díolmhaithe daonnúla a áireamh i gcórais beart sriantach an Aontais, agus go mbeidh creat éifeachtach i bhfeidhm i dtaca leis an úsáid a bhainfidh eagraíochtaí daonnúla as na díolmhaithe sin. Leanfaidh an Chomhairle de mhachnamh a dhéanamh maidir le sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a áireamh mar fhorais le liostú i gcórais smachtbhannaí uathrialacha an Aontais.

15. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhlántacht na ngníomhaithe daonnúla chun éifeachtacht na bhfreagairtí daonnúla a fheabhsú. Leagann an Chomhairle béim ar an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus náisiúnta agus ag gníomhaithe daonnúla áitiúla mar fhreagróirí túslíne agus mar chomhpháirtithe daonnúla, go háirithe i limistéir ar deacair teacht orthu. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle gealltanais an Mhargaidh Mhóir, go háirithe na gealltanais sin maidir le logánú agus maoiniú solúbtha. Cuireann an Chomhairle chun suntais go bhfuil pobail áitiúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta ar chuid de na gníomhaithe is éifeachtaí maidir le hiarrachtaí freagartha agus téarnaimh a spreagadh agus gur cheart dóibh a bheith ar thús cadhnaíochta i gcinntí agus i bpróisis a bhaineann leo. Tacaíonn an Chomhairle leis an ngealltanas pobail áitiúla agus gníomhaithe áitiúla a chumhachtú agus cuireann sí in iúl go neamhbhalbh nach mór creataí 'Freagracht do Dhaoine dá ndéantar difear' a bheith ina thoradh air sin. Formhuiníonn an Chomhairle Treochlár nua Logánaithe an Choimisiúin, lena n-áirítear 25 % de chistiú daonnúil an Aontais a sholáthar faoi 2027 chomh díreach agus is féidir do ghníomhaithe áitiúla agus náisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas atá faoi stiúir dídeanaithe, agus tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar mhaithe le struchtúir chomhordúcháin níos áitiúla agus níos limistéarbhunaithe, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an rialtas áitiúil.

16. Aithníonn an Chomhairle an ról uathúil atá ag Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, mar phríomhcholún den chóras daonnúil domhanda agus molann sí go leanfaí den chomhar idir an tAontas, an Ghluaiseacht agus comhpháirtithe daonnúla eile chun freagairt dhaonnúil atá comhordaithe, éifeachtach agus faoi stiúir áitiúil a neartú.

17. Ar an gcaoi chéanna, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé oibriú le rialtais óstacha nuair is féidir agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail dhaonnúla, lena n-áirítear i dtíortha atá ag dul i ngleic le heasáitiú fadtréimhseach. Cuireann an Chomhairle i dtreis gurb iad comhpháirtíochtaí comhionanna dá dtugtar tacaíocht leordhóthanach an bunús ar a ndéantar an t-aistriú ó chórais dhaonnúla chomhthreomhara go rochtain chuimsitheach inbhuanaithe ar sheirbhísí sóisialta náisiúnta agus ar dheiseanna le haghaidh féintuilleamaí agus réitigh mharthanacha. Is gnéithe ríthábhachtacha iad sin chun rochtain ar chearta bunúsacha sóisialta, eacnamaíocha agus dlíthiúla a fheabhsú agus chun cúnamh éifeachtach a áirithiú.

18. Maidir leis an gColún Feidhmiúcháin, aithníonn an Chomhairle gur cumasóirí straitéiseacha don ghníomhaíocht dhaonnúil iad slabhraí soláthair daonnúla, go háirithe i gcás inar scoir margaí áitiúla nó seachadadh airgid de bheith ag feidhmiú. Is díol sásaimh don Chomhairle an Grúpa Ceannaireachta Daonnúla um an Slabhra Soláthair agus tionscnaimh ghaolmhara eile lena gcuirtear chun cinn samhail slabhra soláthair atá níos comhoibríche, faoi stiúir áitiúil, freagrúil ó thaobh inscne de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de[15]. I dtimpeallacht shrianta cistiúcháin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá dúbailt a laghdú agus cost-éifeachtúlacht agus comhar a uasmhéadú, ó sholáthar go seachadadh an mhíle deiridh. Chuige sin, ní mór úsáid níos minice a bhaint as soláthar comhpháirteach, acmhainní lóistíochta comhthiomsaithe, comhroinnt sonraí agus córais idir-inoibritheacha, agus ag an am céanna úsáid níos mó a bhaint as na moil dhaonnúla agus as na hacmhainneachtaí lóistíochta atá ann cheana.

[15] I gcomhréir le prionsabail an dearbhaithe ó dheontóirí cabhrach daonnúla maidir leis an aeráid agus an comhshaol — Oibríochtaí Eorpacha um Chosaint Shibhialta agus um Chabhair Dhaonnúil

19. Le samhail nua, ba cheart tús áite a thabhairt don soláthar áitiúil, don ullmhacht agus don réamhghníomhaíocht, lena n-áiritheofar go mbeidh stoic réamhshuite, comhaontuithe seirbhíse fadtéarmacha agus prótacail chomhordúcháin ag gníomhaithe sula dtarlóidh géarchéimeanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar Bhallstáit an Aontais comhchuibhiú deontóirí a chur chun cinn maidir le ceanglais chomhlíontachta, chomh maith le cistiú do thionscnaimh shonracha athchóirithe ar an slabhra soláthair. Molann an Chomhairle freisin don Aontas agus dá Bhallstáit oibríochtaí comhpháirteacha a shaothrú nuair is féidir.

20. Aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá digitiú, bailiú agus comhroinnt sonraí iontaofa imdhealaithe agus córais idir-inoibritheacha ar fud an chórais dhaonnúil chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus cuntasacht na gníomhaíochta daonnúla a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach freagrach, cuimsitheach agus duinelárnach, agus aird chuí á tabhairt ar chosaint sonraí agus ar rialachas freagrach sonraí.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle an togra chun módúlachtaí claochlaitheacha a uas-scálú, lena n-áirítear trí sciar an chistithe ilbhliantúil, atá curtha in áirithe go bog agus nach bhfuil curtha in áirithe a mhéadú agus trí bhainistiú deontas a shimpliú a thuilleadh, agus iarrann sí ar Bhallstáit an Aontais tosaíocht a thabhairt do chistiú ardcháilíochta. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe na tograí chun maoiniú daonnúil a mhéadú trí raon iomlán na gcistí comhthiomsaithe, agus aitheantas a thabhairt ag an am céanna don tábhacht a bhaineann le cistiú lárnach, agus tacaíonn sí le cur chuige Fhoireann na hEorpa a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart sásraí comhréireacha rialachais, trédhearcachta agus cuntasachta agus iarrachtaí méadaithe chun rioscaí a chomhroinnt ar bhealach níos cothroime a bheith ag gabháil le cistí comhthiomsaithe a mhéadú, lena n-áiritheofar go sroichfidh an cistiú na gníomhaithe is fearr go héifeachtach, lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú i limistéir ar deacair teacht orthu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur féidir le cúnamh airgid ilchuspóireach feabhas a chur ar raon torthaí daonnúla agus, ag an am céanna, tacú le geilleagair áitiúla agus leis an athléimneacht a neartú, agus gur féidir leis rannchuidiú le freagairt dhaonnúil atá níos éifeachtaí, níos costéifeachtúla agus níos dírithe ar an duine. Ba cheart gurb é cúnamh bunaithe ar airgead tirim an módúlacht freagartha is fearr nuair is féidir agus nuair is ábhartha. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do Bhallstáit an Aontais ceanglais agus nósanna imeachta deontóirí a chomhchuibhiú, go háirithe maidir le dícheall cuí, comhlíontacht, iniúchadh agus tuairisciú, agus comhroinnt faisnéise a neartú, d’fhonn dúbailt a laghdú.

22. Maidir leis an gColún Comhpháirtíochta, agus conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht a neartú i dtíortha comhpháirtíochta trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais[16] á meabhrú, agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige comhleanúnach i leith na leochaileachta, ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus torthaí forbartha inbhuanaithe[17], is díol sásaimh don Chomhairle an fhís nua-léirithe le haghaidh cur chuige comhtháite de chuid an Aontais maidir leis an leochaileacht. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige atá comhtháite, comhthéacs-sonrach, bunaithe ar chearta an duine, coinbhleacht-íogair agus inscne-fhreagrúil lena dtugtar aghaidh ar leochaileacht, lena neartaítear athléimneacht agus lena dtacaítear le síocháin agus forbairt inbhuanaithe. Ní mór rannpháirtíocht neartaithe chórasach leis an tsochaí shibhialta a ionchorprú sa chur chuige comhtháite i leith na leochaileachta, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí um chearta na mban, an óige agus eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, agus idirphlé á choinneáil ar bun ag an am céanna, a mhéid is féidir, le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thuilleadh a thábhachtaí atá sé córais cosanta sóisialta a fheabhsú agus rochtain chothrom ar sheirbhísí bunúsacha a áirithiú mar phríomhchumasóirí na hathléimneachta, an chomhtháthaithe shóisialta agus na cobhsaíochta fadtéarmaí.

23. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá tús áite a thabhairt don chomhordú laistigh den Choimisiún agus den chomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Domhanda agus institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile, agus an comhordú sin a neartú, i gcás inarb iomchuí. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur ardán luachmhar é Foireann na hEorpa le haghaidh comhordú polaitiúil, anailís chomhroinnte, seasamh comhchoiteann agus cur chun feidhme comhpháirteach i measc ghníomhaithe an Aontais, go háirithe i gcomhthéacsanna leochaileacha.

24. Ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le hathchóiriú iltaobhach agus le córas cumhachtaithe de chuid Chomhordaitheoir Cónaitheach/Chomhordaitheoir Daonnúil na Náisiún Aontaithe chun an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun feidhme go héifeachtach, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas faoi réir chun dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe chun athchóiriú na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, i dtreo córas de chuid na Náisiún Aontaithe a bheidh níos éifeachtaí, níos costéifeachtúla agus níos freagrúla, a bheidh in ann an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a bhaint amach go héifeachtach ar fud na dtrí cholún den nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin trí chur chuige comhleanúnach atá saincheaptha do chomhthéacsanna áitiúla.

---

16 11777/25

17 9285/26

25. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de bheith rannpháirteach i gcomhthéacsanna atá an-leochaileach ar fad, go háirithe i gcásanna dá ndéanann géarchéimeanna fadtréimhseacha nó géarchéimeanna nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach difear agus i suíomhanna atá casta ó thaobh na polaitíochta de, lena n-áirítear limistéir atá á rialú ag grúpaí armtha neamhstáit, trí chineálacha cur chuige atá solúbtha, oiriúnaitheach agus íogair ó thaobh coinbhleachta de faoi threoir an phrionsabail 'gan dochar a dhéanamh'.

26. Agus conclúidí ón gComhairle á mheabhrú di maidir le cur chuige comhleanúnach i leith na leochaileachta[18] chomh maith leis na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tairseach Dhomhanda[19], athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhféadfaí, i suíomhanna leochaileacha den Tairseach Dhomhanda, straitéis infheistíochta dhomhanda an Aontais, acmhainní poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun an bhearna infheistíochta dhomhanda a dhúnadh ar fud na n-earnálacha digiteacha, aeráide agus fuinnimh, iompair, sláinte, oideachais agus taighde. Ba cheart dó na cineálacha cur chuige agus na huirlisí tiomnaithe eile le haghaidh suíomhanna leochaileacha a chomhlánú go hiomchuí, trí chur chuige cuimsitheach 360 céim, lena gcomhcheanglaítear bonneagar claochlaitheach le hathchóirithe cumasúcháin comhshaoil; leis sin léireofar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a chothú a chuireann le forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna leochaileacha agus sna tíortha is lú forbairt, agus le leasanna straitéiseacha an Aontais.

27. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúiseanna iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil leis an méadú ar riachtanais dhaonnúla, a mbíonn mar thoradh orthu an t-easáitiú, neamhshlándáil an tsoláthair bia, an míchothú, ganntanas uisce, bonneagar agus athléimneacht lagaithe, agus cliseadh slite beatha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta tacú le gníomhaíocht dhaonnúil atá níos intinní, níos réamhbhreathnaithí, níos eolasaí ar riosca agus níos cliste ó thaobh na haeráide de agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme an Dearbhú ó Dheontóirí Cabhrach Daonnúla maidir leis an Aeráid agus leis an gComhshaol. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cuir chuige lena dtacaítear le pobail leochaileacha agus ina ndéantar réamhghníomhaíocht chun oiriúnú do shuaitf aeráide agus comhshaoil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus tionscnaimh spriocdhírithe lena leagtar síos an dúshraith don athléimneacht níos fadtéarmaí.

---

18 9285/26

19 10349/26

28. Agus na conclúidí ón gComhairle maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais[20] á meabhrú di, chomh maith le doiciméad deiridh chácas an Mhargaidh Mhóir maidir le Réamhghníomhaíocht a Uas-scálú, is díol sásaimh don Chomhairle an t-aistriú ó fhreagairt fhrithghníomhach ar ghéarchéimeanna go réamhghníomhaíocht luath atá níos eolasaí ar riosca, agus iarrann sí go ngeallfadh an t-Aontas go cinnte go dtabharfaí tacaíocht mhéadaithe, thiomnaithe, inbhuanaithe, lena n-áirítear do chreataí gníomhaíochta réamh-mheasta. Aithníonn an Chomhairle an acmhainneacht a bhaineann leis an maoiniú riosca nuálach chuige seo, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le creataí comhordaithe áitiúla agus réigiúnacha um Bainistiú Riosca Tubaistí agus le húinéireacht rialtais neartaithe, trí chomhar daonnúil agus cosanta sibhialta. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do Bhallstáit an Aontais comhchuibhiú níos fearr a chur chun cinn maidir le cineálacha cur chuige cistiúcháin agus creataí le haghaidh réamhghníomhaíochta, ag tógáil ar na sásraí comhordúcháin atá ann cheana.

29. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndíreofar Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) an Aontais go leordhóthanach agus go trédhearcach ar chomhthéacsanna leochaileacha atá buailte ag coinbhleacht, agus a thábhachtaí atá sé an dul chun cinn a chosaint i dtreo sprioc chomhchoiteann COF an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt. Meabhraíonn an Chomhairle freisin na conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil[21] agus an gealltanas 0.7 % ar a laghad de OIN comhchoiteann a chur ar fáil mar COF faoi 2030, agus a áirithiú go mbeidh sciar iomchuí, mar shampla 10 % de COF dírithe ar ghníomhaíocht dhaonnúil, ar bhonn an riachtanais dhaonnúil atá ann cheana.

30. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil le raon gníomhaithe i suíomhanna daonnúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla ar bhealach níos cuimsithí, chun leas a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuige, agus chun an bhearna sa chistiú daonnúil a dhúnadh. I ndáil leis an méid sin, is díol mór sásaimh don Chomhairle an uaillmhian acmhainní breise a shlógadh chun cúnamh oifigiúil um fhorbairt an Aontais agus a Bhallstát a chomhlánú agus chun oibriú níos dlúithe i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, le heagraíochtaí daonchairdiúla agus le hinstitiúidí airgeadais ar bhealach freagrach, cuntasach agus trédhearcach agus i gcomhréir leis na prionsabail dhaonnúla.

---

20 14463/22

21 9598/23

31. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Treochlár nithiúil a thíolacadh chun an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle a chur chun feidhme faoi mhí na Samhna 2026, lena n-áirítear maidir leis na príomhthionscnaimh, na príomhghealltanais agus na príomhiarrachtaí chun comhordú Fhoireann na hEorpa a chur chun cinn, agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Teachtaireachta Comhpháirtí ar bhonn bliantúil; ba cheart an méid a leanas a bheith san áireamh leis sin, i measc nithe eile: díriú ar chur chuige straitéiseach comhleanúnach a fhorbairt maidir leis an taidhleoireacht dhaonnúil, tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra dhá thrian ar a laghad den chistiú daonnúil a dhíriú trí mhódúlachtaí claochlaitheacha, agus moltaí an Ghrúpa Ceannaireachta Daonnúla maidir leis an Slabhra Soláthair a chur chun cinn agus athchóirithe leanúnacha a chur chun cinn ionas go bhfreastalóidh an slabhra soláthair daonnúil go héifeachtach ar riachtanais dhaonnúla;

– Tuairisciú go rialta don Chomhairle maidir le cúrsaí cumarsáide chun tosaíochtaí taidhleoireachta daonnúla a chomhtháthú go córasach, lena n-áirítear comhlíonadh agus cuntasacht DDI, cosaint na sibhialtach uile, lena n-áirítear pearsanra daonnúil agus leighis agus rochtain dhaonnúil in idirphlé déthaobhach, polaitiúil, slándála agus eacnamaíoch an Aontais le tríú tíortha;

– Comhordú a threisiú ar fud gach snáithe den Teachtaireacht Chomhpháirteach idir institiúidí agus gníomhaithe institiúideacha an Aontais, Bhallstáit an Aontais agus comhpháirtithe daonnúla ábhartha eile, lena n-áirítear trí na creataí leochaileachta i gcomhthéacsanna an-leochaileach; iarrachtaí Fhoireann na hEorpa a chur chun cinn ar fud na ngnéithe éagsúla, lena n-áirítear comhordú beartais, teachtaireachtaí comhpháirteacha, agus pleanáil éifeachtach agus ailíniú oibríochtúil;

– Cur Chuige Comhtháite an Aontais i leith na Leochaileachta a oibríochtú, lena n-áirítear trí chur chuige neartaithe maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, agus tuairisciú don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn a rinneadh nuair is ábhartha;

– Leas iomlán a bhaint as an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna atá i mbun aistrithe agus iad siúd nach gcumhdaítear trí phleananna hipeartosaíochta freagartha daonnúla, chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus ar ghéarchéimeanna fadtréimhseacha agus ilghnéitheacha agus chun cothú na síochána agus próisis idirghabhála síochána a chur chun cinn, agus freagairt dhaonnúil ar bhonn prionsabail á cosaint ag an am céanna;

– Úsáid a bhaint as na huirlisí uile a bhfuil fáil acu orthu, lena n-áirítear comhar um fhorbairt, rannpháirtíocht taidhleoireachta, cothú na síochána, idirghabháil, rannpháirtíocht na hearnála slándála agus Misin agus Oibríochtaí CBSC, i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus chun a dtacaíocht do chothú na síochána, don idirghabháil agus do chosc coinbhleachtaí a neartú.

32. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Tuairisciú go rialta don Chomhairle maidir leis an mbearna sa chistiú daonnúil, easnaimh chistiúcháin i gcás na ngéarchéimeanna is tearcmhaoinithe nó is tromchúisí, agus srianta rochtana;

– Leanúint de thacadóir níos láidre a dhéanamh d'Fhoireann na hEorpa maidir leis an gcóras daonnúil tríd an Athshocrú Daonnúil mar chuid de chlár oibre níos leithne NA80 agus an athchóirithe, i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe agus le comhpháirtithe ábhartha eagraíochtaí neamhrialtasacha lena ndírítear ar éifeachtacht mhéadaithe, ar logánú, ar réitigh chomhroinnte, ar chistiú intuartha agus solúbtha, ar shocruithe comhordaithe níos simplí, agus ar chuntasacht níos fearr do na pobail a ndéantar difear dóibh;

– Bacainní struchtúracha ar chistiú díreach ón Aontas do ghníomhaithe áitiúla a laghdú, lena n-áirítear dícheall cuí, incháilitheacht, costais chomhlíontachta, cáilíocht comhpháirtíochta comhroinnte riosca agus rannpháirtíocht in idirphlé beartais, agus spriocanna níos uaillmhianaí agus iarrachtaí logánaithe níos leithne a chomhtháthú i meastóireachtaí a dhéanfar amach anseo; machnamh a dhéanamh ar chur leis an gcistiú le haghaidh méadaithe ar bhonn chomh díreach agus is féidir do ghníomhaithe áitiúla agus náisiúnta tar éis thagarmharc 2027 agus bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí tar éis an dáta sin;

– Roghanna a shainaithint chun maoiniú daonnúil níos solúbtha agus níos intuartha a mhéadú, lena n-áirítear trí chistí comhthiomsaithe agus trí chomhpháirtíochtaí nua a dhéanamh leis an earnáil phríobháideach, le fondúireachtaí daonchairdiúla agus le hinstitiúidí airgeadais chun gníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe sin a ghiaráil ar bhealach níos fearr i suíomhanna daonnúla;

– Tuilleadh sonraí a thabhairt faoi thograí le haghaidh tionscnaimh nithiúla Fhoireann na hEorpa chun gníomhaíocht dhaonnúil chomhchoiteann an Aontais agus a Bhallstát a mhéadú.